neamhláithreacht de bharr tinnis ach amháin i gcás go dtabharfaidh an cúntóir riachtanas speisialta fógra don fhostóir nach mian leis/léi an tsaoire atá curtha ar atráth a thosú. I gcás go dtarlóidh sé sin, géillfidh sé/sí an tsaoire atá curtha ar atráth agus déileálfar leis an neamhláithreacht mar Shaoire Bhreoiteachta. Ba cheart cloí ansin leis na gnáthnósanna imeachta maidir le Saoire Bhreoiteachta, lena n-áirítear deimhniú dochtúra a thabhairt nuair is cuí.

## 13. Saoire Tuismitheora Mharthanaigh

13.1 I gcás go bhfaighidh an t-uchtaitheoir cáilitheach bás am ar bith roimh a S(h)aoire Uchtaíoch nó lena linn, beidh an tuismitheoir marthanach i dteideal an chuid atá fágtha den tsaoire a fháil.

13.2 Ba cheart don tuismitheoir marthanach fógra a thabhairt dá f(h)ostóir a luaithe is féidir go bhfuil sé ar intinn aige/aici Saoire Uchtaíoch agus/nó Saoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise a thógáil.

13.3 Ba cheart an Deimhniú Suímh, nó Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta, a thabhairt don fhostóir laistigh de cheithre seachtaine ón suíomh/ón tsaoire a thosú.

13.4 Ba cheart an tsaoire a thosú de ghnáth laistigh de sheacht lá tar éis na heachtra a chruthaigh teidlíocht an tuismitheora mharthanaigh i leith na saoire (nó ar an lá suímh, cibé acu is déanaí) ach ba cheart don fhostóir lánrogha atá oiriúnach do na himthosca aonair a fheidhmiú. Chun leas a bhaint as a t(h)eidlíocht saoire, féadfaidh an tuismitheoir marthanach sna himthosca seo iarratas i scríbhinn a dhéanamh chuig a f(h)ostóir, gan aon rud eile a dhéanamh. A luaithe is féidir le réasún, ba cheart cóip de dheimhniú báis an uchtaitheora cháilithigh a thabhairt don fhostóir.

13.5 Beidh feidhm ag an socrú seicheamhaithe atá leagtha amach i Mír 4 maidir leis an tSaoire Tuismitheora Mharthanaigh freisin:

a) Saoire Tuismitheora Mharthanaigh (aon chuid atá fágtha de theidlíocht 24 seachtaine an uchtaitheora cháilithigh i leith Saoire Uchtaíoch a aistriú chuig an tuismitheoir marthanach)

b) Saoire reachtúil neamhíoctha bhreise Tuismitheora Mharthanaigh (aon chuid eile de theidlíocht an uchtaitheora cháilithigh i leith Saoire reachtúil neamhíoctha bhreise 16 seachtaine sa bhreis a aistriú chuig an tuismitheoir marthanach)

c) Ní mór Saoire Tuismitheora a thosú ar an lá díreach tar éis na Saoire Tuismitheora Mharthanaigh atá i gceist.

## 14. Saoire Uchtaíoch Reachtúil Neamhíoctha Bhreise/Saoire Reachtúil Neamhíoctha Bhreise Tuismitheora Mharthanaigh a Fhoirceannadh

14.1 Féadfar iarratas ar Shaoire Uchtaíoch reachtúil neamhíoctha bhreise, nó Saoire reachtúil neamhíoctha bhreise Tuismitheora Mharthanaigh, a tharraingt siar i scríbhinn ar chúis ar bith suas go dtí ceithre seachtaine roimh

